# An Téacs

## Sraith 10: Gadaíocht ar an traein.

**Pictiúr 1: Chuaigh beirt chailíní ar an traein go Gaillimh.**

Chuaigh Úna Ní Mhurchú agus a deirfiúr, Róisin, ar thuras traenach siar go Gaillimh don deireadh seachtaine. Thug a dtuismitheoirí siab dóibh go dtí an stáisiún agus d'fhág slán leo ag barr an ardáin. Chinntigh siad go ndeachaaigh siad ar an traein cheart mar bhí dhá thraein ann. Bhí traein Chorcaí istigh chomh maith. Ghuigh an mháthair ádh mór orthu ach thug an t-athair rabhadh dóibh bheith aireach. D'fhreagair Úna iad agus dúirt sí go bhfillfidis ar an Luan. D'ardaigh siad lámh le slán a fhágáil ag a dtuismitheoirí agus chuaigh siad iisteach ar an traein.

**Pictiúr 2: Fuair siad suíocháin in aice le fear deas.**

Bhí an traein plódaithe ach d'éirigh leo dhá shuíochán a fháil os comhair a chéile. Bhí bord eatarthu ar a bhféadfadh Róisín a ríomhaire glúine a chur ag obair. B'fhearr le hÚna leabhar a léamh. Bhí scleondar orthu araon agus iad ag caint faoin turas a bhí rompu, faoi Ghaillimh agus na daoine a chasfaí orthu ansin. Bhí paisinéir eile taobh leo. Fear óg ab ea é, spéaclaí gréine air, gruaig fhionn air ach croiméal dorcha. Bhí t-léine nó geansaí stríocach á chaitheamh aige. Bhí an bheirt chailíní chomh tógtha lena gcomhrá féin nár thug siad faoi ndeara go raibh sparán airgid ag gobadh amach as mála Úna a bhí caite ar an mbord os a comhair.

**Pictiúr 3. Ghoid an fear sparán nuair a bhí an bheirt ina gcodladh.**

Le linn an turais thit a gcodladh ar Úna agus Róisín. Thapaigh mo dhuine an deis chun an sparán a bhí ag gobadh amach as mála Úna a sciobadh. D'éirigh sé go ciúin fáilí ansin agus d'imigh sé leis go dtí carráiste eile. Níor mhúscail sé na cailíní.

# An Téacs

**Pictiúr 4. Cheap na cailíní gur thit sé ar an urlár.**

I gceann tamaill nuair a dhúisigh siad thug siad faoi deara nach raibh an sparán sa mhála. Lig Róisín scread asti nuair a chonaic sí go raibh an sparán imithe. Ní raibh a fhios acu céard a thárla dó. Arbh é an chaoi gur thit sé amach as an mála? Dá dtitfeadh bheadh sé fós in áit éigin ar an urlár thart timpeall orthu. Thosaigh siad ag cuardach. Ach cuardach in aisce ab ea é.

**Pictiúr 5. D'inis siad a scéal do Chigire na traenach.**

Chuir siad fios ar chigire na traenach. Nuair a tháinig sé d'iarr sé orthu cur síos a dhéanamh ar an bpaisinéir eile a bhí ina shuí taobh leo. Chomh maith leis sin d'iarr sé orthu a insint dó cén luach a bhí leis an sparán, cé mhéad airgid a bhí ann, agus mar sin de. Thóg an Cigire Traenach fón póca ina láimh agus chuir sé glao gutháin ar na Gardaí. D'inis sé dóibh go raibh amhras orthu faoi fhear an gheansaí stríocaigh. D'iarr sé orthu gardaí a chur chuig stáisiún na Gaillimhe, an chéad staisiún eile, chun go bhféadfaidís breith ar an bpaisinéir a bhí ina shuí taobh leis na cailíní agus é a cheistiú. Rinne an Cigire cur síos mion air. Bhí na Gardaí cinnte go raibh aithne acu féin ar an duine a bhí uathu.

**Pictiúr 6. Ghabh na Gardaí an gadaí i nGaillimh.**

Ar deireadh shroich an traein staisiún na Gaillimhe. Bhí na gardaí ann roimhe. Stop siad an fear leis an ngeansaí stríocach. Cheistigh siad é. Chuardaigh siad a phócaí agus níorbh fhada gur aimsigh siad an sparán. D'admhaigh sé gur ghoid sé é. Ghabh na Gardaí é. Chuir siad glais láimhe air agus thug siad leo é go dtí an bheairic. Tháinig siad ar ais ansin i gceann tamaill chuig na cailíní. Thug an Garda an sparán ar ais d'Úna. D'oscail sé é agus thaispeáin sé nach raibh mórán goidte as. Is léir ón dreach sona go leor a bhí ar aghaidh na gcailíní go raibh siad breá sásta an sparán a fháil ar ais agus go raibh deireadh leis an eachtra. D'inis an Garda dóibh gur minic cheana a rinne an gadaí a leithéid. Ghabh na cailíní buíochas leis. Dúirt siad go mbeidis níos cúramaí an chéad uair eile.